


IMRAM 2005 Irish Language Literature Festival – the voyage of discovery continues | IMRAM 2005 Féile Litríochta Gaeilge – bímis ag iomramh

## Ceiliúradh sa Phríomhchathair

12–16 Deireadh Fómhair/October 2005

# imram

A VOYAGE OF DISCOVERY

*féile litríochta*






## DÉ CÉADAOIN • 12 • DEIREADH FÓMHAIR | WEDNESDAY • 12 • OCTOBER

**6.00pm CONRADH NA GAEILGE** *6 Sráid Fhearchair / 6 Harcourt St*

[SAORCHEAD ISTEACH
ADMISSION FREE]

### SEOLADH LEABHAIR / BOOK LAUNCH:
### *INGNE DEARGA DHEAIDEO* LE **PÁDRAIC BREATHNACH**

» Leabhar nua gearrscéalta ó **Phádraic Breathnach**, ina gcíorann sé téamaí ar nós an ghrá; an coimhthíos; an saol mar a fheictear don pháiste é; agus an choimhlint shíoraí idir an sean agus an nua.

Launch of Pádraic Breathnach's short-story collection ***Ingne Dearga Dheaideo*** – in which he explores love, alienation, childhood vision and the eternal conflict between the old and the new.



**7.00pm THE SUGAR CLUB** *8 Sráid Líosain Íochtarach / 8 Lower Leeson St*

[CEAD ISTEACH €10
ADMISSION €10]

### AMHRÁIN GHRÁ / LOVE SONGS: **HILARY BOW**
### LÉAMH / READING: **DAIRENA NÍ CHINNÉIDE** AGUS **DEIRDRE BRENNAN**

» **Hilary Bow:** Amhráin ghrá nua-aistrithe ag Máire Mhac an tSaoi, Michael Davitt, Liam Ó Muirthile, Gabriel Rosenstock, Gearóid Mac Lochlainn.

Classic love songs as Gaeilge in bossa nova style – featuring performances of songs by Ella Fitzgerald, Edith Piaf, Billie Holliday, Louis Armstrong, Elvis Presley and others.



» **Dairena Ní Chinnéide:** 'Bhí leithéid seo *An Trodaí* de dhíth orainn le fada i saol na Gaeilge. Ar an gcuma chéanna inar dhein Maxine Hong Kingston cearta ban ní amháin Síneach ach uilíoch a thuar inar húrscéal *The Woman Warrior* éilíonn Dairena Ní Chinnéide a chomh-mhaith de chearta ins an leabhar seo *An Trodaí*.' — *Nuala Ní Dhomhnaill*

Dairena Ní Chinnéide's stunning first collection, *An Trodaí,* will be published by Cló Iar-Chonnachta in 2006.



» Scríobhann **Deirdre Brennan** filíocht, gearrscéalta agus drámaí sa dá theanga. Tá ceithre chnuasach filíochta dá cuid foilsithe i nGaeilge – *I Reilig na mBan Rialta*, *Scothanna Geala*, *Thar Cholbha na Mara* agus *Ag Mealladh Réalta*

Deirdre Brennan's poetry collections in English are *The Hen Party* and *Beneath Castles of White Sail*. RTÉ broadcast her drama series *Go to Blazes* in 1994.

## DÉARDAOIN • 13 • DEIREADH FÓMHAIR | THURSDAY • 13 • OCTOBER



**6.00pm CONRADH NA GAEILGE** *6 Sráid Fhearchair / 6 Harcourt St*

[SAORCHEAD ISTEACH
ADMISSION FREE]

### LÉAMH / READING:
### **SÉAMAS MAC ANNAIDH** AGUS **CATHAL Ó SEARCAIGH**

» **Séamas Mac Annaidh**: Ag scríobh ar *Comhar* (Nollaig 1987) dúirt Micheál Mac Craith: 'I saothar Mhic Annaidh ritheann domhan na réaltachta agus domhan na samhlaíochta isteach ina chéile ar bhealach nach féidir teorainn shoiléir a shuíomh eatarthu …' Conas a bheidh in *Dioscó Dé*?

Début reading from his long-awaited novel *Diosco Dé* from the acclaimed author of *Cuaifeach Mo Londubh Buí*, one of the most revolutionary novels ever published in Irish and a bestseller in Russian.



» **Cathal Ó Searcaigh**: 'Guru na gCnoc' a thugtar ar Chathal, is tá cáil idirnáisiúnta air is éileamh air lena chuid filíochta a léamh ar fud an domhain.

'One of our most inventive poets in either language, with a body of work that has transfixed the landscape of his native Donegal.' — *Dermot Bolger*, Sunday Tribune

**9.00pm IRISH WRITERS' CENTRE** *19 Cearnóg Pharnell / 19 Parnell Square*



### LÉAMH DÁTHEANGACH
### WELSH AND IRISH BILINGUAL READING:
### **IFOR AP GLYN, MENNA ELFYN & GABRIEL ROSENSTOCK**

[SAORCHEAD ISTEACH
ADMISSION FREE]

*I gcomhar leis an Idirmhalartán Litríocht Éireann / In association with the Ireland Literature Exchange*



» **Ifor ap Glyn** is one of Wales's best-known poets, and has recently collaborated with Welsh hip-hop legends Llwybr Llaethog and also with Micheál Ó Conghaile on the trilingual drama, *Frongoch*.

Duine de mhórfhilí comhaimseartha na Breatnaise é Ifor. Cuirimis aithne ar ár mbráithre Ceilteacha!

» **Menna Elfyn** describes herself as a Christian anarchist, and is a poet who writes with passion about the Welsh language and identity.

Duine d'ambasadóirí idirnáisiúnta na Breatnaise í Menna. Cuirimis aithne ar ár siúracha Ceilteacha!

» **Gabriel Rosenstock** (poet, haijin, translator) has translated Ifor and Menna's work for this unique collaboration. See special supplement in this month's *Comhar*.

Chuir Gabriel Rosenstock (file, fear haiku, aistritheoir) leaganacha Gaeilge ar fáil de shaothar Ifor agus Mhenna agus tá samplaí le léamh ar eagrán Dheireadh Fómhair den mhíosachán *Comhar*.



## AOINE • 14 • DEIREADH FÓMHAIR | FRIDAY • 14 • OCTOBER

**10.00am – 4.00pm FILMBASE** *An Chuarshráid, Barra an Teampaill / Curved Street, Temple Bar*

### AONACH LEABHAR / BOOK FAIR IN FILMBASE

[SAORCHEAD ISTEACH
ADMISSION FREE]



Beidh leabhair Ghaeilge mar chroí IMRAM agus iad i gceartlár na n-imeachtaí. I mbliana, reáchtálfar Mór-Aonach Leabhar ar an Aoine 14 agus ar an Satharn 15. Beidh aonach den scoth againn a thabharfaidh léargas do léitheoirí na linne seo ar shaibhreas na foilsitheoireachta Gaeilge – úrscéalta, gearrscéalta, beathaisnéisí, béaloideas, taisteal, úrscéalta grafacha, leabhair thaighde, filíocht, leabhair do pháistí – an speictream ar fad. Cuir do lámh i do phóca agus ceannaigh leabhar, as ucht IMRAM!

**6.00pm ANTHOLOGY BOOKS** *Cearnóg Theach an Tionóil, Barra an Teampaill / Meeting House Sq., Temple Bar*

### LÉAMH / READING: **PHILIP CUMMINGS,**
### **PROINSIAS MAC AN BHAIRD & SEÁN MAC MATHÚNA**

[SAORCHEAD ISTEACH
ADMISSION FREE]



» Beidh **Philip Cummings** ag léamh roinnt dánta ó *Néalta*, a chéad chnuasach.

Début reading from an exciting new voice in Irish literature. Philip is the arts editor of *Lá*.

'Soilsíonn an ghrian sna dánta seo agus trí na dánta seo agus is í gile na daonnachta í, ainneoin dhorchadas an domhain.' – *Gabriel Rosenstock*




» Tá idir drámaí, filíocht agus úrscéalta scríofa ag **Proinsias Mac an Bhaird** le blianta beaga anuas, is tá sé i ndiaidh duaiseanna a bhaint ag an Oireachtas agus comórtais eile.


Poet, dramatist, novelist – **Proinsias Mac an Bhaird** is a writer on the rise, and has won many prizes for his eclectic work. He is the author of *Cogar san Fharraige* and *Idir Beocht is Beatha*.



» Tá a dhearcadh féin ag **Seán Mac Mathúna** ar an saol agus is fada cáil idirnáisiúnta air mar cheardaí próis. Is é *Úlla* rogha scéalta le máistir ceirde, tuath agus cathair, greann agus daonnacht den scoth.

Seán Mac Mathúna's unique vision, marked by anarchic humour, has won him a reputation as one of Europe's leading writers of short fiction. His latest book, *Úlla*, collects the very best of his work.


IMRAM 2005 Irish Language Literature Festival – the voyage of discover
Ceiliúradh sa Phríomhchathair
12–16 Deireadh Fómhair/October 2005


y continues | IMRAM 2005 Féile Litríochta Gaeilge – bímis ag iomramh
imram
A VOYAGE OF DISCOVERY
féile litríochta









## DÉ hAOINE / FRIDAY…

**8.00pm BOOM BOOM CLUB, CONWAY'S BAR** *70 Sráid Pharnell / 70 Parnell Street*

### CEOL, PRÓS, FILÍOCHT, SCÉALAÍOCHT, SEANCHAS MUSIC, PROSE, POETRY, STORYTELLING AND FOLKLORE: **MUINTIR UÍ CHONAOLA** (INIS MEÁIN, INIS OÍRR): **LASAIRFHÍONA, DARA, MACDARA, DARA BEAG Ó FATHARTAIGH**

*[CEAD ISTEACH €10 ADMISSION €10]*

» Singer **Lasairfhíona Ní Chonaola's** album *An Raicín Álainn* was voted best traditional album of the year by *Hot Press* in 2002. Tonight (with a new album tucked under her wing, *Flame of Wine*) she is joined by her father, **Dara Ó Conaola,** author of such highly acclaimed titles as *An Gaiscíoch Beag* and *Night Ructions*; her brother **MacDara**, a singer and musician; and by **Dara Beag Ó Fathartaigh**, the 'people's poet' of the Aran Islands.

Ceol, seanchas, litríocht, craic ón teaghlach tréitheach seo aniar.

## SATHARN • 15 • DEIREADH FÓMHAIR | SATURDAY • 15 • OCTOBER

**10.00am – 4.00pm FILMBASE** *An Chuarshráid, Barra an Teampaill / Curved Street, Temple Bar*

### AONACH LEABHAR / BOOK FAIR IN FILMBASE

*[SAORCHEAD ISTEACH ADMISSION FREE]*

At IMRAM's heart this year is a special Book Fair revealing the rich diversity of modern Irish language publishing – novels, short stories, biographies, folklore, travel, graphic novels, scholarly books, poetry and children's books. Come along and browse or, better, buy!

**11.30am AN CAIFÉ, FILMBASE** *An Chuarshráid, Barra an Teampaill / Curved Street, Temple Bar*

### COMHRÁ IS LÉAMH: **NA CLASAICIGH I nGAEILGE / LITERARY AND POPULAR CLASSICS IN TRANSLATION**

*[SAORCHEAD ISTEACH ADMISSION FREE]*

» Leading authors and literary commentators **Alan Titley** and **Pádraig de Paor** read from and discuss classic literature translated into Irish, including *Don Quixote*, *Dracula* and *Gargantua*.

Bí linn nuair a dhéanfaidh Alan Titley agus Pádraig de Paor comóradh ar Sheán Ó Cuirrín, an tAthair Peadar agus aistritheoirí eile nach iad.

**2.30pm AN CAIFÉ, FILMBASE** *An Chuarshráid, Barra an Teampaill / Curved Street, Temple Bar*

### LÉAMH / READING: GUTHANNA ADUAIDH / NORTHERN VOICES: **FIONNTÁN DE BRÚN, PÓL Ó MUIRÍ & CATHAL PÓIRTÉIR**

*[SAORCHEAD ISTEACH ADMISSION FREE]*

» Is duais-scealaí é **Fionntán de Brún** a bhfuil a thuiscint i dtiúin leis an réalachas; scéalaí nach eagal leis scáthanna an tsaoil a iniúchadh.

De Brún's short-story collection *Litir ó mo Mháthair Altrama* potently confronts the shadows of everyday life.

» **Pól Ó Muirí:** Scéalta is filíocht faoi chogaíocht agus faoi chaill; faoi ghrá is faoi fhuath.

Pól is the Irish language editor of the *Irish Times*. His plays, fiction and poetry explore contemporary themes of political conflict and loss, love and hate.

» **Cathal Póirtéir:** File, fear raidió, gearrscéalaí agus béaloideasóir é Cathal.

Cathal's volume of poetry *Tonnchrith Intinne* (Coiscéim, 1992) was nominated for the *Irish Times* Literary Award.

**7.30pm THE HUB** *(os comhair an IFI), Sráid Eustace, Barra an Teampaill / Eustace St, Temple Bar*

## OÍCHE LITRÍOCHTA AGUS CHEOIL
## A GALA NIGHT OF LITERATURE AND REGGAE

[CEAD ISTEACH €10
ADMISSION €10]

*– i gcomhar le Gaelchultúr / in association with Gaelchultúr*

Beidh an file **Nuala Ní Dhomhnaill** agus an scríbhneoir próis **Alan Titley** ag léamh idir 8.00–9.00pm agus beidh ceol beo ar siúl ina dhiaidh sin le **Bréag** as Béal Feirste.





» **Nuala Ní Dhomhnaill**'s award-winning poetry draws on folklore and myth to explore the interzone where the natural and supernatural worlds coalesce. Her work includes *Feis*, *Cead Aighnis* and the bilingual collections *The Water Horse* and *Pharoah's Daughter*.

Is iomaí duais atá buaite ag Nuala Ní Dhomhnaill. Tarraingíonn a saothar suaithinseach as toibreacha an bhéaloidis agus na miotaseolaíochta chun teacht ar an idirchrios sin ina mbuaileann an domhan seo leis an alltar. Foilsíodh rogha aistí léi le déanaí.

» **Alan Titley** is one of the liveliest voices in Irish literature – both as a leading critic and as a novelist and short-story writer. His latest book, *Leabhar Nora Ní Anluain*, comprises one hundred short fables marked by wild surrealism and black humour.

Guth sainiúil i nualitríocht na Gaeilge é Alan Titley – criticeoir neamheaglach, úrscéalaí agus gearrscéalaí. Duaisleabhar don aos óg is ea *Amach!* (An Gúm) agus seoid ina bhfuil céad fabhalscéal is ea *Leabhar Nóra Ní Anluain*, leabhar atá ag cur thar maoil le greann dubh osréalach.

» **Bréag:** Tá clú is cáil, thall is abhus, ar Bhréag, an grúpa ceoil is bríomhaire beoga sa tír seo le fada an lá – seo chugaibh calypso, reggae, gitano is daoncheol, iad uile ceangailte le ceol dúchais na hÉireann.

A unique chance to hear **Bréag**, one of the most energetic groups in Ireland, presenting a hypnotic mix of calypso, reggae, gitano and folk, all richly entwined with Irish traditional sounds.

# DOMHNACH • 16 • DEIREADH FÓMHAIR | SUNDAY • 16 • OCTOBER




**2.00pm THE HA'PENNY BRIDGE INN** *42 Cé Wellington / 42 Wellington Quay*

## CLABHSÚR | THE FINAL FLING: POETRY, SONG AND OPEN MIC

[CEAD ISTEACH €10
ADMISSION €10]

**IMRAM** ends in style with a session from two of our greatest traditional musicians – **Tony Mac Mahon** and **Steve Cooney** – and singer **Deirbhle Ní Bhrolacháin**, interspersed with poetry from special guests. Audience members will also be invited to contribute poems or songs in an Open Mic scenario.



Cuirfear clabhsúr ar IMRAM le seisiún i gcuideachta Tony Mac Mahon agus Steve Cooney. Aíonna eile an t-amhránaí Deirbhle Ní Bhrolacháin agus roinnt filí fáin. Osclófar an micreafón dóibh siúd a bhfuil rud le rá acu.

imram

CEILIÚRADH SA PHRÍOMHCHATHAIR

*féile litríochta*

Aidhm IMRAM saibhreas na litríochta Gaeilge comhaimseartha a roinnt le các agus an pobal a thabhairt linn ar aistear mistéireach. Prós. Filíocht. Ceol. An focal labhartha. An focal scríofa. Idir shúgradh is dáiríre. Suímh éagsúla ar fud na hardchathrach. Bímis ag léamh, bímis ag iomramh.

*IMRAM aims to bring its audiences on a 'voyage of discovery' that reveals the rich diversity of modern Irish language literature through a programme of eclectic events that blend poetry, prose and music in lively, upbeat venues.*



**DAIRTDÁNTA / POEMS ON THE DART**

I gcomhar le IMRAM beidh dánta Gaeilge ar an DART i gcaitheamh mhí Dheireadh Fómhair, dánta le Claire Dagger, Bríd Dáibhís, Rody Gorman agus Gearóid Mac Lochlainn. Gabhann IMRAM buíochas le Jonathan Williams, gníomhaire liteartha, agus le bainistíocht DART as comhoibriú linn san fhiontar seo.

*In association with IMRAM, 'poet's corner' on all DART trains in October will feature poems by Claire Dagger, Bríd Dáibhís, Rody Gorman and Gearóid Mac Lochlainn. IMRAM would especially like to thank both literary agent Jonathan Williams and the DART management for making this possible. These poems will also appear in the October issue of* Poetry Ireland Review.


***Tuilleadh eolais / Further information:***

Liam Carson | r-phost/e-mail liamog62@eircom.net | fón/phone 01-8329594 nó 087-2912797


***Stiúrthóirí Imram / Festival Directors:***

Liam Carson, Colette Nic Aodha, Gabriel Rosenstock, Joseph Woods


Údarás na Gaeltachta

Bord na Leabhar Gaeilge

Dublin City
Baile Átha Cliath

the arts council
an chomhairle ealaíon